



Polasaí Sláinte agus Sabháilteachta

Ráiteas Sláinte agus Sabháilteachta

Tugtar tús áite i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin d'ionad oibre slán sábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe uile na scoile, agus chun ar ndualgaisí sláinte agus sabháilteachta do dhaltaí, fostaithe, conraitheoirí agus cuairteoirí chun na scoile a chomhlíonadh go smior. Tuigimid na duaglaisí dlí atá orainn cloí le hAcht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre 2005 agus Treoirlínte Sábháilteachta Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre (Feidhmiú Ginearálta) 2017.

1.1 Cleachtais:

Cuirfear córais agus módhanna oibre sabháilteachta i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte, sábháilteachta agus leas an uile ball de phobal na scoile.

- a) Déanfar Comhordaitheoir agus coiste Sláinte agus Sábháilteachta a cheapadh.
- b) Tabharfar treoir do dhaltaí nua gach bliain i ndruil dóiteáin.
- c) Eagrófar druil dóiteáin chleachtaithe luath sa chéad téarma.
- d) Déanfar athbhreithniú ar gach druil dóiteáin a dhéanfar, coimeádfar cuntas de agus déanfar aon leasaithe gur ghá.
- e) Cuirfear eolas cuí sláinte agus sábháilteachta ar fáil do gach ball foirne.
- f) Déanfar iniúchadh contúrtha leis an bhfoireann ag tosach gach bliain, agus déanfar athbhreithniú agus leasaithe cuí maidir le haon bhaol a thagann chun solais.
- g) Cuirfear tuairisc ar eachtra dáiríre go dtí an tÚdarás Sláinte agus Sabháilteachta.
- h) Cuirfear liosta teagmhála ar fáil do chás éigeandála, agus déanfar athbhreithniú rialta air.
- i) Cuirfear cúrsa Chéad Chabhrach ar fáil do gach ball foirne.

- j) Coimeádfar cuntas ar gach stoc atá sa scoil.
- o Cuirfear eolas agus traenáil chuí ar fáil chun sláinte agus sabhailteacht a chinntiú.
- o Ullmhófar plean éigeandála, agus déanfar athbhreithniú rialta air.
- o Déanfar gach uile baol sláinte agus sábhailteachta a sheachaint.
- o Tabharfar aire chuí do ghlaineacht agus do shláinteacht.
- o Síneofar isteach agus amach gach cuairteoir i Leabhar Chuaireora sa freastal.

1.2 Freagrachtaí

Braitheann leas an pholasaithe seo ar chomhoibriú an uile duine atá fostaithe sa scoil.

Ba chóir do gach fostaí mar sin

- a) gach uile gné den Ráiteas seo a thuiscint;
- b) do fhreagrachtaí sláinte agus sábhailteachta féin a thuiscint i gcómhthéacs do roinne féin agus i gcómhthéacs na scoile i gcoitinne;
- c) do dhualgaisí i leith chúram do shláinte agus sabhailteachta féin, sláinte agus sábhailteachta na ndaoine faoi do chúram agus na ndaoine ar a raghaidh do ghníomhachtaí i bhfeidhm, a thuiscint go soiléir.
- d) comhoibriú le gach ball foirne eile chun go mbeidh an uile duine na caighdeán is airde sláinte agus sabhailteachta a chomhlíonadh;
- e) aire chuí a thógaint ag ardú is ag iompar rudaí, agus ag plé le fearas;
- f) a bheith ar an eolas faoi cé hé/hí an Comhordaitheoir Sláinte agus Sábhailteachta;
- g) tuairisc chruinn a chur i scríbhinn don Chomhordaitheoir Sláinte is Sábhailteachta ar aon eachtra a tharla nó ar aon fhearas gur bhaol sláinte agus sábhailteachta é;
- h) gan mí-úsáid a bhaint as aon fhearas;
- i) éadaí cearta cosanta a chaitheamh san áit chuí, úsáid cheart a bhaint as áiseanna agus spásanna oibre;

- j) timpeallacht na scoile a choimeád sábháilte, glan agus néata;
- k) tuairisc a thabhairt ar aon timpiste nó gortú, pé beag nó mór é, don bhainistíocht shinsearach;
- l) tuairisc scríofa a thabhairt i Leabhar na dTimpistí a choimeádfar ag an bhFáiltiú, agus é a thabhairt don Chomhordaitheoir Sláinte agus Sabháiltachta laistigh de cheithre huaire fichid ón am a tharla an eachtra.

Ghlac Bórd Bainistíochta na scoile leis an ráiteas seo ar an 13ú Deireadh Fómhair 2015.

2. Plean Aslonnaithe Scoile

Ba chóir go mbeadh tuiscint shoiléir ag gach dalta agus fostaí maidir leis an bplean aslonnaithe scoile agus le háiteanna tionóil i gcás tine. Tá an t-eolas cuí ar fáil ón gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta.

- a) Ba chóir don uile duine an ait ina bhfuilid a fhágaint chomh tapaídh is atá sábháilte má bhuaileann an t-álaram.
- b) Má tá múinteoir i mbun ranga, tógann sé/sí uimhir na ndaltaí sa rang sin, agus téann sé/sí leo díreach go dtí an pointe tionóil.
- c) Ar shroichint an phointe tionóil dóibh, déanann an múinteoir na daltaí a chomhaireamh arís.
- d) Cuireann an múinteoir eolas faoi éinne atá in easnamh in iúl don Chomhairdaitheoir Sláinte agus Sábháiltachta nó don Phríomhoide.
- e) Sa chás go mbuaileann an t-álaram ag am sosa nó lóin, téann na daltaí go dtí an pointe tionóil, áit a bhuaileann said leis an múinteoir a bhí acu sa rang deireannach roimhis sin. Leanann an múinteoir an proiséas atá leagtha amach thuas.
- f) Ní théann aon duine isteach sa bhfoirgneamh arís, go dtí go bhfaightear cead ón gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta.

3. Cabhair Leighis

- a) Tá cabhair teoranta leighis ar fáil ó fhoireann na scoile.
- b) I gcás mion-timpistí tá Céad Chabhair ar fáil.

- c) Cuirfear tuairisc chuig tuismitheoirí i gcás timpiste.
- d) I gcás éigeandála, cuirfear glaoch láithreach ar na seirbhísí éigeandála, agus cuirfear tuairisc chuig an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach.
- e) Tabharfar daltaí chuig an dochtúir más gá.
- f) Ní thabharfar aon chógas ar oideas do dhaltáí gan socrú reáimhdhéanta lena dtuismitheoirí.
- g) Má bhíonn aon substaint i gceist, tabharfaidh an múinteoir a théann leis an dalta go dtí an t-ospidéal nó dochtúir an buidéal, ainm na substainte nó pé eolas gur féidir leis/léi teacht air, ina dteannta.
- h) Tá freagracht ar gach ball foirne tuiscint shoiléir a bheith acu ar phróiséas éigeandála na scoile.
- i) Tá dífhibrileoir ar fáil sa scoil agus tá an fhoireann oillte chuige.

4. Daltaí

- a) Táthar ag súil go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach dalta ar Pholasáí Bainistíocht Daltaí Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin agus nach ndéanfar aon bheart gur bhaol sláinte agus sábháilteachta é.
- b) 'Sé freagracht gach uile duine sa scoil tuairisc a thabhairt d'údarais na scoile ar aon iompair nó eachtra a d'fhéadfadh leanúint go dtí timpiste.

5. Maoin phearsanta

- a) Ní ghlacann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin nó Bórd Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagracht as aon maoin phearsanta a fhágtar i dtimpeallacht na scoile.
- b) Moltar do pháirtithe na scoile gan maoin phearsanta luachmhar nó suimeanna móra airgid a bheith ar scoil acu.

6. Eolas faoi Phearsanra

- a) Coimeádann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin eolas pearsanta a bhaineann lena bhfostaíocht.
- b) Coimeádtar eolas pearsanta, sonraí neasghaoil, srl. a úsáidfear í gcas éigeandála.
- c) Iarrtar ar gach fostaí athruithe ar a gcuid sonraí teagmhála a chur in iúl don bhainistíocht shinsearach.
- d) Coimeádfar na sonraí seo go príomháideach agus faoi rún, ar aon dul le riachtainisí an Aicht un Chosaint Eolais.
- e) Déanfar sonraí a scrios muna bhfuil gá leo a thuilleadh.
- f) Tá gach ball foirne i dteideal ar an eolas a bhaineann lena bhfostaíocht a fháil, ar aon dul leis an Acht Saoirse Eolais.

7. Socruithe i gCás Ionsaí ar Bhall de Phobal na Scoile

Sa chás go ndéantar ionsaí ar bhall fóirne;

- a) Cuirfear Céad Cabhair ar fáil ó bhall fóirne cáilithe i gcás mion-ghortú.
- b) I gcás gortú níos dáiríre, cuirfear glaoch láithreach ar na seirbhísí éigeandála, agus cuirfear tuairisc chuig an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach. Déanfar teagmháil lena neasghaol ainmnithe. Tá sonraí an duine seo ar fáil ar chúntas VS Ware na scoile.
- c) Tabharfar an duine chuig an dochtúir más gá.
- d) Déanfar taifead den eachtra ar Leabhar Thaifeadta Eachtraí. Déanfar iniúcadh géar ar an eachtra ag an bpointe seo.
- e) Cuirfear Cód Iompair na Scoile i bhfeidhm, agus déanfar an ionsaí a thuairisciú leis na Gárdaí más gá. Tuairisceofar an eachtra leis an t-Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chomh maith.
- f) Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí Sláinte agus Sábháilteachta, agus cuirfear na cosaintí chuí i bhfeidhm.

8. Seirbhís Shláinte Ghairmiúil do Mhúinteoirí

- a) Cuirtear in iúl do mhúinteoirí go bhfuil Seirbhís Shláinte Ghairmiúil á thairscint ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- b) Is féidir teacht ar shonraí na seirbhíse seo ag: www.education.ie, ach leanúint ar na ceangail chuí.

Tabharfar athbhreithniú uair sa bhliain ar an bpolasaí seo.

Beidh sé curtha ar fáil do pháirtithe uile na scoile.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí se oar an 23ú Eanáir 2018.

Cathaoirleach an Bhoird: _____

Príomhoide: _____

Dáta: _____